Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15562/24**

**EMPL 566**
**SOC 829**
**EDUC 417**
**ECOFIN 1285**
**COMPET 1117**
**DIGIT 234**
**ENV 1119**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2025: Tosaíochtaí i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 2 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Seimeastar Eorpach 2025: Tosaíochtaí i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta**

*Díospóireacht bheartais*

Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a roinnt maidir leis na tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo i mbeartais fostaíochta agus shóisialta ar leibhéal an Aontais. Le tuarascálacha cuimsitheacha agus réamhbhreathnaitheacha chomh maith le doiciméid ábhartha a foilsíodh le blianta beaga anuas, cuireadh go luachmhar leis an díospóireacht sin, agus dá bhrí sin leagtar béim sa nóta seo ar phríomhtheachtaireachtaí roinnt de na tuarascálacha agus de na doiciméid sin.

Is iondúil go gcuirtear tús le timthriall bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh i mí na Samhna nuair a chuireann an Coimisiún Eorpach Pacáiste an Fhómhair don Seimeastar Eorpach i láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht le haghaidh an mhargaidh saothair, scileanna agus réimsí beartais shóisialta. Leagtar amach i bPacáiste an Fhómhair tosaíochtaí ginearálta eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta agus tugtar treoir bheartais do na Ballstáit maidir leis an timthriall amach romhainn. Maidir le timthriall Sheimeastar 2025, mar gheall ar an aistriú institiúideach, chinn an Coimisiún Pacáiste an Fhómhair a fhoilsiú níos déanaí ná mar is gnách agus in dhá chéim: na codanna den phacáiste a bhaineann le cúrsaí fioscacha ag deireadh mhí na Samhna agus na gnéithe atá fágtha, lena n-áirítear na codanna fostaíochta agus sóisialta a luaithe a rachaidh an Coimisiún nua i mbun oifige. Dá bhrí sin, ní chuirfear Pacáiste an Fhómhair i láthair i mbliana ag cruinniú Chomhairle EPSCO i mí na Nollag.

I dtuarascáil[1] an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas  a foilsíodh i mí Feabhra 2023, rinneadh anailís ar na tionchair a mheastar a bheidh ag príomh-mheigithreochtaí ar an gcosaint shóisialta agus ar an stát leasa. Chuir an Grúpa Ardleibhéil i dtábhacht go múnlaíonn roinnt meigithreochtaí domhanda ár sochaithe, ár ngeilleagair agus ár margaí saothair. Sainaithníodh go háirithe athruithe déimeagrafacha, athruithe i saol na hoibre, an t-athrú aeráide agus an t-aistriú glas, agus rinneadh iniúchadh ar a dtionchar ó thaobh cúrsaí saoil de. Leagadh béim sa tuarascáil ar a thábhachtaí atá stát leasa cuimsitheach agus cothrom chun rioscaí sóisialta a íoslaghdú agus cruatan eacnamaíoch a mhaolú, agus ag an am céanna tacú le fás eacnamaíoch agus le folláine an duine aonair. De réir an Ghrúpa Ardleibhéil, ba cheart do stáit leasa nua-aimseartha maoláin láidre a chur ar fáil i gcoinne suaití eacnamaíocha agus infheistíocht a dhéanamh i 'gcéimeanna tosaigh' a chuidíonn le daoine le linn aistrithe ríthábhachtacha ar feadh an tsaoil. Ag aithint di nach ann d'aon réiteach amháin a oireann do chách, bhí liosta de 21 mholadh sa tuarascáil i roinnt réimsí beartais, lena moltar do na Ballstáit a stáit leasa a nuachóiriú agus a threisiú go príomha.

I mí Feabhra 2024, d'ullmhaigh an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) tuairim[2] maidir le 'Tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta', a d'fhormhuinigh airí EPSCO ag an gcruinniú a bhí acu i mí an Mhárta 2024. Leagadh béim sa tuairim gur thángthas ar chomhaontú maidir le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais ó fógraíodh an Colún Sóisialta in 2017, trí ghlacadh le moltaí ón gComhairle agus le hionstraimí boga eile atá iomchuí agus éifeachtach chun treoir a chur ar fáil do na Ballstáit sna réimsí beartais faoi seach, agus chomh maith leis sin trí threoracha agus rialacháin de chuid an Aontais a bhfuil tionchar níos dírí acu ar an reachtaíocht náisiúnta. Luadh freisin sa tuairim an gá le trasuí breise agus cur chun feidhme leordhóthanach mar gheall ar an líon mór tionscnamh de chuid an Aontais a comhaontaíodh ó 2017 i leith, agus go raibh gá le faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht i bhfianaise gheilleagair agus sochaithe a bhíonn ag athrú go tapa, agus, ag an am céanna, díriú ar ualaí riaracháin a laghdú.

[1] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=88&eventsId=2057&furtherEvents=yes&langId=en
[2] 7635/24

I dtuarascáil Enrico Letta dar teideal *Much More Than a Market*[3] [I bhfad níos mó ná Margadh], a foilsíodh i mí Aibreáin 2024, cuireadh i dtábhacht gur gá gné shóisialta an mhargaidh aonair a neartú trí cheartas sóisialta agus comhtháthú sóisialta a áirithiú. Dúradh sa tuarascáil gur cheart trí phríomhchuspóir a bhaint amach chun go mbeidh an Margadh Aonair fíor-rathúil agus inbhuanaithe go sóisialta: (i) tairbhí an tsaothair a leathnú chuig líon níos mó daoine, (ii) sodar go grinneall a sheachaint, agus (iii) geilleagar margaidh na hEorpa a chaomhnú agus a chomhdhlúthú.

Sa tuarascáil ó Mario Draghi maidir le *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa],[4]a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024, cuireadh i dtábhacht go mbraitheann rath an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh ar iad a bheith á ndéanamh ar bhealach atá cothrom go sóisialta, agus aird á tabhairt ar phoist ardcháilíochta a dhaingniú agus ar a áirithiú go mbeidh go leor oibrithe oilte ar fáil chun iad a dhéanamh. I bhfianaise na nganntanas atá ann cheana ó thaobh post agus scileanna de, is ríthábhachtach athsciliú agus uas-sciliú lucht saothair an Aontais. Maidir leis an timthriall reachtach nua, iarradh sa tuarascáil go ndéanfaí athmhachnamh iomlán ar bheartais an Aontais a bhaineann le scileanna, lena n-áirítear an comhordú a neartú agus rannpháirtíocht níos fearr na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas oideachais agus oiliúna.

[3] https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf
[4] https://commission.europa.eu/topics/strthening-european- competitivenessness/eu-competitiveness-looking-ahead_ga#paragraph_47059

Sa tuarascáil dar teideal *Employment and Social Developments in Europe*[5] [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip] a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair na príomhfhorbairtí eacnamaíocha, margaidh saothair agus sóisialta, rinne sé breithniú ar chóineasú socheacnamaíoch san Aontas agus rinne sé anailís ar ról na n-infheistíochtaí sóisialta. Chuir sé i dtábhacht, i gcomhthéacs marbhántacht eacnamaíoch leathan in 2023, go raibh margaí saothair fós thar a bheith athléimneach agus gur léirigh torthaí sóisialta roinnt comharthaí feabhais. In 2023, bhí fás eacnamaíoch san Aontas chun deiridh ar gheilleagair shárfhorbartha eile, agus tá méadú ag teacht ar an mboilsciú ón dara leath de 2021 i leith. Maidir le príomhspriocanna an Aontais do 2030, deirtear sa tuarascáil (i) gur shroich ráta fostaíochta an Aontais 75.3 %, an leibhéal is airde riamh, agus gur tháinig laghdú beag ar an ráta dífhostaíochta. Bhí ganntanas saothair agus scileanna i gcuideachtaí agus d’fhan folúntais poist ar an leibhéal is airde riamh. (ii) D’fhan rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas agus san oiliúint i bhfad faoi bhun sprioc an Aontais. In 2022, ghlac 46.6 % de dhaoine idir 25-64 bliana d’aois páirt i ngníomhaíochtaí oideachais nó oiliúna, rud atá mar gheall ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar chúrsaí oiliúna ar ardchaighdeán, freagrachtaí a bheith ag teacht salach ar a chéile, bacainní airgeadais nó toilteanas rannpháirtithe ionchasacha, i measc nithe eile. (iii) Tháinig laghdú beag ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta go 21.4 % in 2023, ach d’fhan sé ard i ngrúpaí leochaileacha áirithe, d’fhan an neamhionannas ioncaim cobhsaí den chuid is mó, agus tháinig méadú ar an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta. Luaitear sa tuarascáil go bhfuil roinnt torthaí eacnamaíocha, margaidh saothair agus sóisialta ag teacht le chéile ar fud an Aontais le deich mbliana anuas ach go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann ar fud na mBallstát. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar ról na n-infheistíochtaí sóisialta agus ar a thábhachtaí atá athchóirithe agus infheistíochtaí i bpríomhréimsí, mar shampla uas-sciliú agus athsciliú, foghlaim ar feadh an tsaoil, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, beartais oideachais agus cúraim luath-óige ar féidir iad a chomhlánú le hinfheistíocht níos airde i dtithíocht inacmhainne agus i gcosaint shóisialta, i measc nithe eile.

[5] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=ga&pubId=8641

Maidir le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais amach anseo, leis an moladh ón Uachtarán toghaí von der Leyen go mbeidh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin sa chéad Choláiste eile a bheadh freagrach as, i measc nithe eile, Daoine agus Scileanna, agus roinnt Coimisinéirí eile a dhéileálfaidh leis an bhfostaíocht, na beartais shóisialta agus an comhionannas, cuirtear i dtábhacht freisin uaillmhian mhéadaithe an Choimisiúin sa réimse sin. Chun príomhspriocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta nua maidir le Cur Chun Feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta á bheartú ag an gCoimisiún, plean a chuirfear i láthair in 2025. Tá tuilleadh tionscnamh nua, an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán, Comhshocrú Nua um Idirphlé Sóisialta na hEorpa, Straitéis Frithbhochtaineachta an Aontais agus an Plean Tithíochta Inacmhainne Eorpach mar shampla, dírithe ar rannchuidiú le príomhspriocanna an Aontais a bhaint amach.

Maidir le réimsí beartais Chomhairle EPSCO, ba cheart béim a leagan ar dhá phríomhfhorbairt a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach. Ar an gcéad dul síos, ó fógraíodh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta in 2017, rinneadh an faireachán air a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, go háirithe trí na Treoirlínte Fostaíochta a ailíniú lena phrionsabail. Déanann an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an faireachán sin trí úsáid a bhaint as an Scórchlár Sóisialta. Ar an dara dul síos, sa chomhthéacs sin agus d’fhonn gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh agus ról Chomhairle EPSCO sna timthriallta bliantúla a neartú, áiríodh i dtimthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh, ar bhonn píolótach, anailís ar an gcóineasú sóisialta bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta .

Cuireadh tús leis an obair ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta tar éis thionscnamh na Beilge agus na Spáinne, a cuireadh i láthair ag cruinniú Chomhairle EPSCO i mí Dheireadh Fómhair 2021, chun 'Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta' a thabhairt isteach. I gcomhréir leis na sainorduithe a fuarthas ó Uachtaránacht na Fraince, Uachtaránacht na Seicia agus Uachtaránacht na Sualainne, rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta machnamh cúramach ar an tionscnamh. I dtúis báire, sa tuairim[6] uathu an 16 Bealtaine 2022, leagadh béim ar an ngá atá le tuilleadh oibre coincheapúla agus anailíse ar phríomhghnéithe an tionscnaimh, ag tabhairt dá n-aire nach raibh na Ballstáit ar aon intinn faoi bhreisluach a bheith ag roinnt leis. I bhfianaise an mhéid sin, rinne Meitheal thiomnaithe an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta tuilleadh oibre teicniúla le rannpháirtíocht dheonach 21 Bhallstát agus an Choimisiúin. Idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023, rinne an Mheitheal staidéar ar dhearadh agus ar mhodheolaíocht fhéideartha 'Creat um Chóineasú Sóisialta' agus d'ullmhaigh sí tuarascáil. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sin, d'ullmhaigh agus d'fhormhuinigh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta na Príomhtheachtaireachtaí maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach. D'aithin siad sin leibhéil éagsúla tacaíochta agus éiginnteachtaí i measc na mBallstát. Cuireadh na Príomhtheachtaireachtaí[7] faoi bhráid na n-airí ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2023 agus thug an Chomhairle dá haire iad. I dtimthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh, eadhon sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht a foilsíodh i mí na Samhna 2023, chuir an Coimisiún isteach anailís thírshonrach níos láidre maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta mar a thuairiscítear sna Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta. Mar gheall ar an easpa comhthola i measc na mBallstát maidir leis an togra thuasluaite ón gCoimisiún, thug an Chomhairle dá haire é sna conclúidí[8] gaolmhara uaithi, agus d'iarr sí ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta measúnú a dhéanamh ar thionchar na hanailíse píolótaí ar an gcóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, lena n-áirítear an breisluach a bhaineann leis agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta measúnú a dhéanamh ar a thionchar, lena n-áirítear an breisluach a bhaineann leis agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann.

[6] 9222/22
[7] 9481/23 agus ADD1.
[8] 7665/24

I gcomhthráth le timthriall Sheimeastar 2024, tar éis Athbhreithniú an Aontais ar an Rialachas Eacnamaíoch, chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa '*creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint*' a áireamh i Rialachán nua 2024/1263 i measc na n-uirlisí atá ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na Treoirlínte Fostaíochta agus prionsabail an Cholún Shóisialta a chur chun feidhme.

Rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta a measúnú idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2024 agus chuir siad a bpríomhthorthaí i láthair i nóta[9] a bhí le cur faoi bhráid airí EPSCO, inar leagadh béim ar thaithí, ar éagsúlachtaí sheasaimh na mBallstát agus ar choigeartuithe (e.g. maidir leis an modheolaíocht, na táscairí, an nós imeachta etc.) a bhfuil gá leo chun an Creat um Chóineasú Sóisialta a fheabhsú. Luaitear freisin sa nóta cé gur mheas roinnt Ballstát go raibh tairbhí ag gabháil leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a cuireadh chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall 2024 é, tá amhras ar roinnt eile acu maidir le breisluach agus cuspóir deiridh an Chreata i gcomparáid le cleachtais roimhe seo.

Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na hairí tuairimí maidir leis na ceisteanna a leanas a mhalartú:

1) *Agus na treochtaí, an anailís agus na moltaí thuasluaite á gcur san áireamh, cad iad na tosaíochtaí a leagfadh sibh síos don tréimhse 2024-2029 i bhfianaise Phlean Gníomhaíochta nua Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ar na bacáin?*

2) *Bunaithe ar do thaithí maidir le cur chun feidhme píolótach an Chreata um Chóineasú Sóisialta agus i bhfianaise an nóta ón gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, an aontaíonn sibh gur gá feabhas a chur ar na hanailísí ar an gcóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta tar éis na céime píolótaí? Má aontaíonn sibh leis an méid sin, cé na gnéithe de na hanailísí ba cheart a fheabhsú i bhfianaise thimthriallta an tSeimeastair Eorpaigh amach anseo?*

---

[9] 15563/24